CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2014 go 2020) a bhunú agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1718/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1855/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1041/2009/CÉ

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 347 an 21 Nollaig 2013, lch. 221)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge)

Leathanach 223, Aithris (18), an chéad dá abairt,

in ionad: "(18) Mar threoirthionscadal, is tionscnamh trasearnálach é Comhaontas Eorpach na dTionscal Cruthaitheach a thacaíonn go príomha leis na tionscail chruthaitheacha ar leibhéal beartais. Tá sé d'aidhm aige cistí breise a fháil do thionscail chruthaitheacha agus an t-éileamh ar sheirbhísí tionscal cruthaitheach a spreagadh i measc tionscal agus earnálacha eile.",

léitear: "(18) Mar threoirthionscadal, is tionscnamh trasearnálach é Comhaontas Eorpach na dTionscal Cruthaitheach a thacaíonn go príomha leis na tionscail chruthaitheacha ar leibhéal beartais. Tá sé d'aidhm aige cistí breise a luamhánú do thionscail chruthaitheacha agus an t-éileamh ar sheirbhísí tionscal cruthaitheach a spreagadh i measc tionscal agus earnálacha eile.";

leathanach 223, Aithris (22), an chéad abairt

in ionad: "(22) Ba cheart d'ionstraim airgeadais féinmhaoinitheach, an tSaoráid Ráthaíochta Earnálacha an Chultúir agus na Cruthaitheachta ("an tSaoráid Ráthaíochta"), cur ar chumas earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta i gcoitinne fás, agus go soláthrófaí go sonrach giaráil leordhóthanach do ghníomhaíochtaí nua agus do dheiseanna nua.",

léitear: "(22) Ba cheart d'ionstraim airgeadais féinmhaoinitheach, Saoráid Ráthaíochta Earnálacha an Chultúir agus na Cruthaitheachta ("an tSaoráid Ráthaíochta"), cur ar chumas earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta i gcoitinne fás, agus go soláthrófaí go sonrach luamhánú leordhóthanach do ghníomhaíochtaí nua agus do dheiseanna nua.";

leathanach 225, Aithris (39)

in ionad: "(39) Chun an leanúnachas a áirithiú sa tacaíocht chistiúcháin a thugtar leis an gClár seo, ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2014. Ar chúiseanna práinne, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm a luaithe is féidir tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,",

léitear: "(39) Chun an leanúnachas a áirithiú sa tacaíocht chistiúcháin arna soláthar faoin gClár, ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann costais atá nasctha go díreach le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí tacaithe a bhreithniú mar chinn atá incháilithe le haghaidh maoinithe, fiú má thabhaíonn an tairbhí iad sula gcuirtear isteach an t-iarratas ar dheontas.";

leathanach 225, Aithris (40)

in ionad: "(40) Chun leanúnachas a áirithiú maidir leis an tacaíocht cistithe arna soláthar faoin gClár, ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2014. Ar chúiseanna práinne, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm a luath agus is féidir tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,",

léitear: "(40) Chun an leanúnachas a áirithiú maidir leis an tacaíocht chistiúcháin arna soláthar faoin gClár, ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2014. Ar chúiseanna práinne, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm a luaithe agus is féidir tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,";

leathanach 226, Airteagal 5(2)(c)

in ionad: "(c) na barainneachtaí scála agus an mhais chriticiúil a chothaíonn tacaíocht an Aontais ag cruthú éifeachta giarála le haghaidh cistí breise",

léitear: "(c) na barainneachtaí scála agus an mhais chriticiúil a chothaíonn tacaíocht an Aontais ag cruthú éifeachta luamhánaithe le haghaidh cistí breise;";

leathanach 227, Airteagal 8(3)

in ionad: "(d) tíortha atá cumhdaithe leis an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht agus Chomhpháirtíocht i gcomhréir leis an nós imeachta arna sainiú leis na tíortha sin i ndiaidh na gcomhaontuithe réime lena bhforáiltear dá rannpháirtíocht i gcláir an Aontais.",

léitear: "(d) tíortha atá cumhdaithe leis an mBeartas Eorpach Comharsanachta i gcomhréir leis an nós imeachta arna bhunú leis na tíortha sin i ndiaidh na gcomhaontuithe réime lena bhforáiltear dá rannpháirtíocht i gcláir an Aontais.";

leathanach 228, Airteagal 11(1)

in ionad: "1. Beidh an tAontas ina chomhalta den Fhaireachlann Eorpach Closamhairc ar feadh ré an Chláir ("an Fhaireachlann").",

léitear: "1. Beidh an tAontas ina chomhalta den Fhaireachlann ar feadh ré an Chláir.";

leathanach 229, Art 14 (3)

in ionad: "3. I gcomhréir le hAirteagal 139(4) den Rialachán Airgeadais, cuirfidh an Coimisiún an tSaoráid Ráthaíochta chun feidhme i modh bainistithe indírigh trí chúraimí a chur ar iontaoibh CEI dá dtagraítear i bpointe (iii) d'Airteagal 58(1)(c) den Rialachán Airgeadais sin, faoi réir théarmaí an chomhaontaithe a thabharfaidh an Coimisiún agus an CEI i gcrích.",

léitear: "3. I gcomhréir le hAirteagal 139(4) den Rialachán Airgeadais, cuirfidh an Coimisiún an tSaoráid Ráthaíochta chun feidhme i modh bainistithe indírigh trí chúraimí a chur ar iontaoibh CEI dá dtagraítear i bpointe (iii) d'Airteagal 58(1)(c) den Rialachán sin, faoi réir théarmaí comhaontaithe a idir an Coimisiún agus an CEI.";

leathanach 230, Airteagal 16(3)(a)

in ionad: "(a) faisnéis faoin gClár a sholáthar, agus é a chur chun cinn sna tíortha a bheidh rannpháirteach sa Chlár;",

léitear: "(a) faisnéis faoin gClár a sholáthar, agus é a chur chun cinn ina dtír;";

leathanach 230, Airteagal 16(3)(f)

in ionad: "(f) áiritheoidh siad go ndéanfar eolas maidir leis an maoiniú Aontais arna deonadh agus maidir leis na torthaí a fuarthas dá dtíortha a chur in iúl agus a scaipeadh.",

léitear: "(f) áiritheoidh siad go ndéanfar eolas maidir leis an maoiniú Aontais arna dheonú agus maidir leis na torthaí a fuarthas dá dtíortha a chur in iúl agus a scaipeadh.";

leathanach 231, Airteagal 18(1)(b)

in ionad: "(ii) líon gcineálacha taithí foghlama agus na ngníomhaíochtaí ar thacaigh an Clár leo agus trínar cuireadh feabhas ar inniúlachtaí ghníomhairí an chultúir agus na cruthaitheachta, lena n-áirítear gairmithe na hearnála closamhairc, agus lenar méadaíodh a n-infhostaitheacht.",

léitear: "(ii) líon na gcineálacha taithí foghlama agus na ngníomhaíochtaí foghlama ar thacaigh an Clár leo agus trínar cuireadh feabhas ar inniúlachtaí ghníomhairí an chultúir agus na cruthaitheachta, lena n-áirítear gairmithe na hearnála closamhairc, agus lenar méadaíodh a n-infhostaitheacht.";

leathanach 231, Airteagal 18(1)(d)

in ionad: "(ii) líon na dtionscadal lena ndírítear ar leanaí, ar dhaoine óga agus ar ghrúpaí ar tearcionadaithe, agus líon na daoine a dtéitear i gcion orthu leis sin.",

léitear: "(ii) líon na dtionscadal lena ndírítear ar leanaí, ar dhaoine óga agus ar ghrúpaí tearcionadaithe, agus líon na daoine a dtéitear i gcion orthu leis sin.";

leathanach 231, Airteagal 18(1)(e)

in ionad: "(vi) an éifeacht ghiarála a baineadh amach leis na hiasachtaí ráthaithe i ndáil leis an éifeacht ghiarála tháscach (1:5,7);",

léitear: "(vi) an éifeacht luamhánaithe a baineadh amach leis na hiasachtaí ráthaithe i ndáil leis an éifeacht luamhánaithe tháscach (1:5,7);";

leathanach 233, Airteagal 24(3)

in ionad: "3. Beidh na costais riaracháin a bhaineann le cur chun feidhme an chláir mar chuid de na leithdháiltí leagtha síos i mír 2 agus ní rachaidh méid iomlán na gcostas sin níos mó ná 7 % de bhuiséad an Chláir agus leithdháilfear 5 % de sin ar chur chun feidhme Fochlár MEDIA agus 2 % ar chur chun feidhme Fhochlár Cultúir.",

léitear: "3. Beidh na costais riaracháin a bhaineann le cur chun feidhme an chláir mar chuid de na leithdháiltí a leagtar síos i mír 2 agus ní rachaidh méid iomlán na gcostas sin thar 7 % de bhuiséad an Chláir agus leithdháilfear 5 % de sin ar chur chun feidhme Fochlár MEDIA agus 2 % ar chur chun feidhme Fhochlár Cultúir.";

leathanach 233, Airteagal 24(6)

in ionad: "6. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo féadfaidh an Coimisiún costais atá nasctha go díreach le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí tacaithe a bhreithniú mar chinn incháilithe fiú má thabhaíonn an tairbhí na costais sin roimh chur isteach an iarratais ar mhaoiniú.".

léitear: "6. De mhaolú ar Airteagal 130(1) den Rialachán Airgeadais, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún costais atá nasctha go díreach le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí tacaithe a bhreithniú mar chinn incháilithe fiú má thabhaíonn an tairbhí iad sula gcuirtear isteach an t-iarratas ar dheontas.";

leathanach 233, Airteagal 25(3)

in ionad: "3. Féadfaidh OLAF imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus i Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó cinneadh deontais nó conradh arna mhaoiniú faoin gClár.",

léitear: "3. Féadfaidh OLAF imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus i Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 883/2013, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó cinneadh deontais nó conradh arna mhaoiniú faoin gClár.".